An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Imlitir 0062/2018

Chuig: ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA

IAR-BHUNSCOILEANNA POBAIL AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA BOO

Soiléiriú ar Alt 5 d'Imlitir 0013/2018 maidir le siollabas Oideachas Reiligiúin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an teagasc creidimh

1. Réamhrá

Is é cuspóir na himlitreach seo soiléiriú a thabhairt ar na riachtanais dhifriúla i gcás na ndaltaí sin a dhéanann staidéar ar shiollabas Oideachas Reiligiúin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta* agus iad siúd a roghnaíonn dul isteach i ranganna teagasc creidimh i gcás ina dtairgeann an scoil ina bhfuil siad teagasc creidimh de réir deasghnátha agus cleachtais sainaicme chreidimh ar leith. Ba chóir an imlitir a léamh i gcomhar le hImlitir 0013/2018.

2. Soiléiriú ar Alt 5 d'Imlitir 0013/2018

Leagadh amach cur chuige nua in Imlitir 0013/2018 i leith na socruithe a dhéantar i dtaca leis an teagasc creidimh agus i dtaca leis an adhradh creidimh in iar-bhunscoileanna áirithe. Ba é an príomhathrú a aithníodh san imlitir sin gur chóir socruithe teagaisc ar an amchlár a dhéanamh dóibh siúd nach mian leo teagasc creidimh ar aon dul le riachtanais aon reiligiúin ar leith a fháil seachas staidéar maoirsithe nó gníomhaíochtaí eile a chur ar fáil dóibh.

---

*Is tagairt é seo do shiollabais Oideachas Reiligiúin an CNCM do na Sraitheanna Sinsearacha agus Sóisearacha araon. Tabharfar Sonraíocht nua Teagasc Creidimh Sraithe Sóisearaí ón CNCM isteach ó Mheán Fómhair 2019 agus gabhfaidh sé áit shiollabais reatha Teagasc Creidimh an CNCM don Teastas Sóisearach.

In alt 5 den imlitir sin dúradh go gcomhlíonann curaclam Oideachas Reiligiúin an CNCM ag an tsraith shóisearach nó ag an tsraith shinsearach riachtanais teagasc creidimh na hEaglaise Caitlicí agus i gcás mar sin tá sé tábhachtach gurb eol do thuismitheoirí nach foghlaim faoi reiligiúin agus é sin amháin atá sa churaclam sin.

Ceapadh siollabais Oideachas Reiligiún an CNCM ag an tsraith shóisearach agus ag an tsraith shinsearach, agus an tsonraíocht Oideachais Reiligiúin don tsraith shóisearach, a thabharfar isteach in 2019, do dhaltaí a bhfuil cúlraí éagsúla creidimh acu agus dóibh siúd nach bhfuil aon chúlra creidimh acu. Tá ábhar na siollabas ceaptha le cinntiú go nochtar na daltaí do raon leathan traidisiún reiligiúnach agus do léirmhíniú ar an saol nach bhfuil bunaithe ar reiligiún. Ní thugtar teagasc creidimh in aon aicme shainchreidimh nó traidisiún creidimh ar leith.

D'fhoilsigh Comhdháil na nEaspag Caitliceach in Éirinn treoirlínte do chothú an chreidimh agus d'fhorbairt na ndaltaí Caitliceacha inar tógadh ar a raibh i Siollabas Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh 1999* agus i Siollabas Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta 2006**. Anuas ar sin, tugtar le fios i dtaithí tuismitheoirí a cuireadh in iúl don Roinn gur nós é i scoileanna áirithe teagasc creidimh Caitliceach a chur ar fáil laistigh de thréimhsí ranga, i gcásanna ina bhfuil siollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM mar chuid den amchlár.

Is é cuspóir na himlitreach seo aon débhrí i dtaobh na slí ina bhfuil an tOideachas Reiligiúin le cur ar fáil sna scoileanna a réiteach agus dá réir sin na socruithe sa chéad imlitir a choigeartú, áit is gá.

3. Lánrogha na scoileanna maidir leis an Oideachas Reiligiúin

Ní cheanglaíonn an Roinn ar scoileanna siollabais Oideachas Reiligiúin an CNCM ag an tsraith shinsearach agus an tsraith shóisearach a chur san áireamh mar ábhair éigeantacha ar an gcuraclam. Dá réir sin, tá lánrogha ag scoileanna cinneadh a dhéanamh cibé an gcuirfear an t-ábhar ar fáil ar chor ar bith agus má chuirtear, cibé an mbeidh sé roghnach nó éigeantach i rang-ghrúpa nó i mbliain ar leith.

*Guidelines for the faith formation and Development of Catholic Students: Junior Certificate Religious Education Syllabus (1999)

**Catholic Bishop's Conference Framework document: Guidelines for the faith formation and Development of Catholic Students: Leaving Certificate Religious Education Syllabus R.E. & A Curriculum Framework for Senior Cycle (2006)

I gcás ina gcuireann scoil Oideachas Reiligiúin ar fáil, ní mór é a chur ar fáil laistigh de thréimhse ranga ar an amchlár gan aon teagasc creidimh nó adhradh creidimh a bheith ina chuid d'aon ghníomhaíocht ranga. Ciallaíonn sin nach féidir aon chleachtas ná ábhar trína dtabharfaí isteach teagasc creidimh nó adhradh creidimh a úsáid feasta. De réir na himlitreach seo, déanfar cigireacht ar Oideachas Reiligiúin agus ar an tslí a gcuirtear an t-ábhar ar fad.

Is é toradh na deighilte soiléire seo idir teagasc creidimh agus siollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM go gcinntítear nach mbeidh sé de rogha ag scoláirí atá ag déanamh staidéir ar shiollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM tarraingt siar as an rang i gcás ina gcuireann an scoil an t-ábhar ar fáil mar chuid de ghnáthraon na n-ábhar.

4. Soláthar a dhéanamh don teagasc creidimh

I gcás scoil a shocraíonn teagasc creidimh a thairiscint ar aon dul le riachtanais aon aicme shainchreidimh ar leith, níor chóir é a cheangal ná a chomhtháthú in aon slí le siollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM a chuirtear ar fáil i dtréimhsí ranga ar an amchlár. Ní mór teagasc creidimh den sórt sin a chur ar fáil mar mhír ar leith scoile amach ó shiollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM a bhfuil ceadú na Roinne aige. I gcás ina gcuireann scoil teagasc creidimh ar fáil ag féachaint do na hionstraimí dlíthiúla a cruthaíodh nuair a aithníodh an scoil, féadfaidh an scoil na hacmhainní teagaisc a chur ar fáil ó laistigh de leithdháileadh iomlán múinteoirí na scoile agus ní mór é a chur ar fáil i dtréimhsí iomlána ranga atá curtha i leataobh don teagasc creidimh agus dó sin amháin.

Níor chóir áit a thabhairt do pháiste in aon rang teagasc creidimh ach amháin má fhaightear iarratas ón tuismitheoir ar chead dul isteach sa rang. De réir Alt 4 d'Imlitir 0013/2018, caithfear rogha an tuismitheora/an dalta maidir le teagasc creidimh a fháil amach ag tús na scoilbhliana agus ciallóidh an rogha sin nach gá don scoil an dalta a chur isteach i ranganna teagaisc creidimh, agus mar sin ní bheidh sé riachtanach an scoláire a tharraingt siar as na ranganna sin ina dhiaidh sin. Maidir le rogha tuismitheoirí a fháil amach ag tús na scoilbhliana, ba chóir do scoileanna aitheantas a thabhairt, freisin, do thuairimí scoláirí atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

Ag éirí as an soiléiriú in Alt 2 ar na siollabais Oideachais Reiligiúin a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den ghnáthraon ábhar a chuirfeadh scoil ar fáil, ní gá a thuilleadh an cur chuige atá leagtha amach in alt 4 d'Imlitir 0013/2018 ina n-iarrfadh tuismitheoirí go n-aistarraingeofaí a bpáiste as siollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM.

5. Riachtanais RGCS

Cuireann an RGCS béim bhreise ar an trédhearcacht, ar an gcuntasacht agus ar chaighdeáin slándála do shonraí pearsanta. Ba chóir do scoileanna a thabhairt ar aird go bhfágann an soiléiriú in alt 2 ar ábhar agus seachadadh shiollabas Oideachas Reiligiúin an CNCM, siollabas atá ceadaithe ag an Roinn, nár chóir gur gá don scoil eolas a iarraidh ar thuismitheoirí nó ar scoláirí cibé an mbaineann siad le haon aicme shainchreidimh, agus in alt 4 den imlitir seo, is faoin tuismitheoir a bheidh sé labhairt amach nuair a fhéachann scoil le teagasc creidimh a thairiscint, in áit eolas i dtaobh a n-aicme shainchreidimh a bheith á iarraidh ag an scoil ar thuismitheoirí.

6. Scaipeadh na hImlitreach

Ba chóir cóip den imlitir seo a scaipeadh ar bhaill bhord bainistíochta agus fhoireann teagaisc gach scoile. Gheofar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie. Gheofar leagan Gaeilge den imlitir se ar shuíomh gréasáin na Roinne:

7. Ceisteanna

Ba chóir aon cheist i dtaobh na himlitreach seo a chur i ríomhphost chuig an Roinn ag:

schoolgovernance@education.gov.ie

Paraic Joyce

Príomhoifigeach
An Rannóg Rialachais Scoile
5 Deireadh Fómhair 2018